C/2024/3407

29.5.2024

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11573 — MORGAN STANLEY / TELE COLUMBUS)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2024/3407)

1. An 14 Bealtaine 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Morgan Stanley Infrastructure Inc. ('MSI', USA), atá faoi rialú Morgan Stanley (USA),

— Tele Columbus AG ('Tele Columbus', an Ghearmáin), atá faoi rialú comhpháirteach MSI agus United Internet AG (an Ghearmáin) faoi láthair.

Gheobhaidh MSI rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Tele Columbus ina hiomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn MSI seirbhísí airgeadais, lena n-áirítear comhairle maidir le bainistíocht sócmhainní agus, go háirithe, comhairle le haghaidh cistí a infheistíonn i sócmhainní bonneagair i dtíortha ECFE den chuid is mó,

— Is soláthraí seirbhísí teileachumarsáide é Tele Columbus, go háirithe mar oibreoir neamhspleách líonraí cábla leathanbhanda sa Ghearmáin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11573 — MORGAN STANLEY / TELE COLUMBUS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË